Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2022
(OR. en)

10229/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0191(NLE)**

ENER 304

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 293 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Comhdháil Urghnách an Chonartha um Chairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 293 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 293 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.6.2022
COM(2022) 293 final

2022/0191 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Comhdháil Urghnách an Chonartha um Chairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag Comhdháil Urghnách an Chonartha um Chairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022 sa Bhruiséil agus tá roinnt gníomhartha le glacadh maidir leis an méid seo a leanas: (i) leasú ar Rialacha Nós Imeachta na Comhdhála maidir leis an gCairt Fuinnimh, (ii) tarraingt siar stádas Chónaidhm na Rúise mar Bhreathnóir ar an gComhdháil, agus (iii) fionraíocht chur i bhfeidhm sealadach ECT i ndáil leis an mBealarúis agus fionraíocht na Bealarúise mar bhreathnóir ar an gConradh um Chairt Fuinnimh ('ECT' anseo feasta).

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. an Conradh um Chairt Fuinnimh (ECT)

Is comhaontú iltaobhach trádála agus infheistíochta é ECT a bhfuil feidhm aige maidir leis an earnáil fuinnimh, a shínigh an tAontas i mí na Nollag 1994 agus a tháinig i bhfeidhm i mí Aibreáin 1998. Is éard atá sa Chonradh forálacha maidir le cosaint infheistíochtaí, trádáil in ábhair agus táirgí fuinnimh, idirthuras agus réiteach díospóidí. Chomh maith leis sin, bhunaigh ECT creat le haghaidh comhair idirnáisiúnta idir 55 Pháirtí Chonarthacha (lena n-áirítear an tAontas Eorpach agus EURATOM, 27 mBallstát de chuid an Aontais[1], an tSeapáin, an Eilvéis, an Tuirc, an chuid is mó de thíortha iarAPSS, cé is moite de Chónaidhm na Rúise[2] agus roinnt tíortha sna Balcáin Thiar).

Bunaíodh ECT ar dtús mar chreat le haghaidh comhair idirnáisiúnta idir tíortha Eorpacha agus tíortha tionsclaithe eile agus é d'aidhm aige acmhainneacht fuinnimh thíortha Lár agus Oirthear na hEorpa a fhorbairt agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a áirithiú don Aontas.

Baineann príomhfhorálacha an chonartha le cosaint infheistíochtaí, trádáil in ábhair agus táirgí fuinnimh, le hidirthuras agus le réiteach díospóidí.

Is comhaltaí na Comhdhála iad gach stát nó eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíochta a shínigh an Conradh nó a d'aontaigh dó, Comhdháil a thagann le chéile ar bhonn rialta chun saincheisteanna a dhéanann difear do chomhar san earnáil fuinnimh i measc shínitheoirí an Chonartha a phlé, athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme fhorálacha an Chonartha um Chairt Fuinnimh agus an Phrótacail um Chairt Fuinnimh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus gnéithe gaolmhara comhshaoil, agus féachaint ar ionstraimí nua agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a d'fhéadfadh a bheith ann faoi chuimsiú chreat na Cairte Fuinnimh.

---

[1] Bhí an Iodáil ina Páirtí Conarthach ach tharraing sí siar in 2015. Go hoifigiúil, mhínigh rialtas na hIodáile a chinneadh gur laghdaigh sé na costais a bhaineann lena bhallraíocht in eagraíochtaí idirnáisiúnta de bharr srianta buiséid.

[2] Shínigh Cónaidhm na Rúise ECT, ach rinne sí an cinneadh foirmiúil gan é a dhaingniú.

Leis an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh áirithítear go mbainfear amach na cuspóirí a leagtar amach in ECT. Éascaítear léi, i gcomhréir leis an gConradh sin agus leis na Prótacail, comhordú beart ginearálta iomchuí chun prionsabail na Cairte a chur i gcrích.

Vóta amháin atá ag gach Páirtí agus, de réir an ábhair, gníomhaíonn an Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh de réir rialacha vótála éagsúla.

Baineann an togra seo le haghaidh cinnidh faoi Airteagal 218(9) CFAE leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais do na gníomhartha atá beartaithe ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh.

## 2.2. An seasamh a leagan síos atá le glacadh thar ceann an Aontais

### *2.1.1. 2.2.1. Leasú ar Rialacha Nós Imeachta na Comhdhála maidir leis an gCairt Fuinnimh*

Ag an gcruinniú an 7 Aibreán 2022, mhol Coiste Bainistíochta ECT don Chomhdháil machnamh a dhéanamh ar an leasú ar na Rialacha Nós Imeachta a fhormheas chun foráil a dhéanamh maidir le stádas breathnóra stáit nó eagraíochta idirnáisiúnta a tharraingt siar nó a chur ar fionraí i gcúinsí áirithe. Níl feidhm ag Airteagal 36 (‘Vótáil’) de ECT ach maidir le cinntí dá bhforáiltear sa Chonradh, agus rialaítear stádas Breathnóra na Comhdhála maidir leis an gCairt Eorpach go páirteach i Rialacha Nós Imeachta na Comhdhála maidir leis an gCairt Fuinnimh. Dá bhrí sin, moltar an fhoclaíocht seo a leanas a chur leis an bhfomhír (e) nua atá beartaithe chun an cás ina bhféadfaí breathnóir a tharraingt siar nó a chur ar fionraí a chumhdach agus chun na rialacha vótála lena mbaineann a shoiléiriú:

’III. BREATHNÓIRÍ

Riail 7

A. Rialacha ginearálta

*‘[...] (e) Féadfaidh an Chomhdháil, trí chomhthoil, stádas breathnóra tíre nó eagraíochta idirnáisiúnta a chur ar fionraí nó a tharraingt siar i gcás*

*sárú leanúnach nó tromchúiseach ar phrionsabail na Cairte Eorpaí Fuinnimh nó na Cairte Idirnáisiúnta Fuinnimh, cibé ceann a shínigh an tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin, nó*

*mainneachtain leanúnach oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh a d’fhéadfadh a bheith aige i leith na Cairte Idirnáisiúnta Fuinnimh.*

*Mura féidir teacht ar chomhthoil, is le tromlach trí cheathrú na bPáirtithe Conarthacha a bheidh i láthair agus Vótáil ag cruinniú na Comhdhála, a mhéid is gur tromlach simplí de na Páirtithe Conarthacha iad, a dhéanfar cinneadh na Comhdhála faoin bhfomhír seo.*’

Mhol an Mheitheal um Shaincheisteanna Rialachais an 16 Bealtaine 2002 an leasú thuasluaite (CC 742) a chur ar aghaidh lena fhormheas ag an gComhdháil trí chomhfhreagras faoin 5 Meitheamh agus conclúidí an Choiste Bainistíochta (Teachtaireacht 1952) á gcur san áireamh aici.

Leis an gcinneadh a rinneadh ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh oiriúnaítear na moltaí a rinne an Coiste Bainistíochta agus an Mheitheal um Shaincheisteanna Rialachais an 7 Aibreán 2022 agus an 16 Bealtaine 2022 faoi seach maidir le Riail 7 de na Rialacha Nós Imeachta a leasú.

De réir Roinn VIII d'Ionstraim Chríochnaitheach na Comhdhála maidir leis an gCairt Eorpach Fuinnimh, tá an Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh freagrach as cinntí a dhéanamh maidir le hiarrataí ar dhearbhú polaitiúil 1991 a shíniú. Rinneadh cinntí maidir leis ábhar seo trí chomhthoil go dtí seo.

I bhfianaise a bhfuil thuas, is é an seasamh ba cheart a ghlacfar thar ceann an Aontais ag an gComhdháil maidir leis an Cairt Fuinnimh an leasú a dhaingniú.

*2.1.2. 2.2.2. Stádas Chónaidhm na Rúise mar Bhreathnóir ar an gComhdháil a tharraingt siar*

Ba cheart do AE tacaíocht le tarraingt siar stádas breathnóra Chónaidhm na Rúise bunaithe ar fhormheas Riail Nós Imeachta 7 leasaithe a bhfuil bonn cirt leis ar an dá fhoras (sárú prionsabal agus mainneachtain oibleagáid airgeadais a chomhlíonadh).

*2.1.3. 2.2.3. Cur i bhfeidhm sealadach ECT maidir leis an mBealarúis a chur ar fionraí*

Le linn an chruinnithe a bhí aige an 28 Aibreán agus an 2 Meitheamh 2022, lean an Coiste Bainistíochta den phlé maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha um Chairt Fuinnimh (ECT) a chur ar fionraí, mar a d'iarr an Úcráin.

Is féidir a mheas gur sárú ábhartha é gníomhaíocht na Bealarúise lena gceadaítear don Rúis a críoch a úsáid chun an t-ionsaí i gcoinne stáisiúin núicléacha na hÚcráine a éascú mar aon lena saoráidí stórála dramhaíola radaighníomhaí, lena córas iompair gáis, lena mianaigh ghuail, le gléasraí hidreachumhachta agus scaglanna agus taiscí ola ('an sárú ar fhoráil atá riachtanach chun cuspóir nó críoch an chonartha a chur i gcrích' [Airteagal 60.3.b de Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí]) ar Airteagail 3, 7, 18 agus 19 de ECT.

Iarrfar ar na Páirtithe Conarthacha a ndéanfar ionadaíocht orthu ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh cinneadh a dhéanamh (i) cur i bhfeidhm sealadach ECT i ndáil leis an mBealarúis a chur ar fionraí, (ii) a iarraidh ar Ardúnaíocht na Cairte Fuinnimh an Taiscí agus an Bhealarúis a chur ar an eolas go foirmiúil agus (iii) stádas breathnóra na Bealarúise a chur ar fionraí.

Ba cheart do AE tacú le cur i bhfeidhm sealadach ECT i ndáil leis an mBealarúis a chur ar fionraí, agus a iarraidh ar Rúnaíocht na Cairte Fuinnimh an Taiscí agus an Bhealarúis a chur ar an eolas go foirmiúil. Ba cheart do AE freisin tacú le stádas breathnóra na Bealarúise a chur ar fionraí.

## 3. BUNÚS DLÍ

### 3.1. Bunús dlí don nós imeachta

*3.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) CFAE déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar*

*ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'*

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha...a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh'*[3].

*3.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht atá sa Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh a bunaíodh le comhaontú, eadhon an Conradh um Chairt Fuinnimh.

Is éard atá sna gníomhartha atá beartaithe, a n-iarrtar ar an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh den Chonradh um Chairt Fuinnimh iad a ghlacadh, gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo Tá brí ceangailteach leis an leasú ar shaincheisteanna vótála na Comhdhála maidir leis an gCairt Fuinnimh i leith institiúidí an Chonartha um Chairt Fuinnimh ar a laghad.

Tá éifeachtaí atá ceangailteach ó thaobh dlí ag tarraingt siar stádas Chónaidhm na Rúise mar bhreathnóir chomh maith le fiontraíocht chur i bhfeidhm sealadach ECT maidir leis an mBealarúis agus, dá bhrí sin, beidh feidhm aige maidir le hAirteagal 218(9) CFAE, toisc go bhfuil tionchar acu ar chomhdhéanamh nithiúil an Chonartha um Chairt Fuinnimh.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an Chinnidh atá beartaithe.

## 3.2. Bunús substaintiúil dlí

*3.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna sin nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*3.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an bhfuinneamh a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

[3] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 194 CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 3.3. Conclúid

Is é Airteagal 194 ba cheart a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2022/0191 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Comhdháil Urghnách an Chonartha um Chairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Conradh um Chairt Fuinnimh (‘an Comhaontú’) i gcrích le Cinneadh 98/181/CE, CEGC, Euratom agus tháinig sé i bhfeidhm in 1998.

(2) De bhun Airteagal 34 den Chomhaontú, leis an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh áirithítear go mbainfear amach na cuspóirí a leagtar amach in ECT. Éascaítear léi, i gcomhréir leis an gConradh seo agus leis na Prótacail, comhordú beart ginearálta iomchuí chun prionsabail na Cairte a chur i gcrích.

(3) Glacfaidh an Chomhdháil maidir leis an gCairt Eorpach, le linn a cruinnithe Urghnách an 24 Meitheamh 2022, an méid seo a leanas: (i) leasú ar Rialacha Nós Imeachta na Comhdhála maidir leis an gCairt Fuinnimh, (ii) tarraingt siar stádas Chónaidhm na Rúise mar Bhreathnóir ar an gComhdháil, agus (iii) fionraíocht chur i bhfeidhm sealadach ECT i ndáil leis an mBealarúis agus fionraíocht na Bealarúise mar bhreathnóir ar ECT.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é seo a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinniú na Comhdhála Urghnáiche maidir leis an gCairt Fuinnimh de chuid an Chonartha um Chairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022 sa Bhruiséil:

an leasú atá beartaithe ar Riail 7 a dheimhniú.

tarraingt siar stádas breathnóra Chónaidhm na Rúise a fhormheas bunaithe ar fhormheas Riail Nós Imeachta 7 leasaithe a bhfuil bonn cirt leis ar an dá fhoras (sárú prionsabal agus mainneachtain oibleagáid airgeadais a chomhlíonadh).

fionraíocht chur i bhfeidhm sealadach ECT i ndáil leis an mBealarúis agus stádas breathnóra na Bealarúise a fhormheas.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*